



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

13865/24
ADD 1
LIMITE
PV CONS 47
COMPET 965
IND 452
MI 825
RECH 418
ESPACE 81

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás))

26 Meán Fómhair 2024

Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

3. Todhchaí iomaíochas na hEorpa, dul i ngleic leis na dúshlán atá roimh an tionscal agus roimh ghnólachtaí sa mhargadh aonair 13253/24
Díospóireacht bheartais

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

4. An creat státhabhrach agus an méid a chuireann sé le cuspóirí beartais an Aontais 13272/24
Díospóireacht bheartais

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

Ráitis a ghabhann leis an mír neamhrechtach ‘A’ a leagtar amach in 13577/24

Maidir le mír 10 ar liosta na míreanna ‘A’:

Cinneadh ón gComhairle maidir le tograí a thíolacadh chun Foscríbhinní II agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa a leasú
Glacadh

RÁITEAS ÓN EASTÓIN

‘De mheon na dlúthpháirtíochta le Ballstáit eile de chuid an Aontais atá ag dul i ngleic le hiarmhairtí an damáiste thromchúisigh a dhéanann an mac tíre do bheostoc, tacaíonn an Eastóin le glacadh an Chinnidh ón gComhairle maidir le tograí a thíolacadh chun leasú a dhéanamh ar Fhoscríbhinní II agus III den Choinbhinsiún maidir le Caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa, lena nglactar leis go n-ísleofar leibhéal cosanta an mhic tíre.

Ag an am céanna, athdhearbhaíonn an Eastóin a thábhachtaí atá cinnteoireacht chomhsheasmhach eolaíochtbhunaithe i saincheisteanna bithéagsúlachta agus tugann sí dá haire i ndáil leis sin go mbeidh an forléargas eolaíochtbhunaithe is cothroime le dáta ar stádas an mhic tíre san Aontas ar fáil faoi shamhradh 2025. Athdhearbhaíonn an Eastóin nach dtiocfaidh an cinneadh atá idir lámha roimh aon togra ná cinneadh a dhéanfar amach anseo faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus, dá dtacófaí leis an gcinneadh atá idir lámha i gcoinbhinsiún Bern, go bhfuil na hathruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar Iarscríbhinní na Treorach maidir le Gnáthóga teoranta go docht do cheist an mhic tíre, agus don mhac tíre amháin.

San Eastóin, is ainmí náisiúnta é an mac tíre agus bhí pobal beoga láidir mac tíre againn i gcónaí. Thar na blianta, tá go leor taithí faighte againn ar conas cómhaireachtáil shábháilte le feoilteoirí fiáine a chinntiú, agus tá áthas orainn an taithí seo a roinnt. In ainneoin go bhfuil eisceacht ag an Eastóin chun líon na mac tíre a rialáil, d’éirigh linn líon na mac tíre a mhéadú le fiche nó tríocha bliain anuas. Mhéadaigh an fhéidearthacht sin an chaoimhulaingt i leith mac tíre freisin, rud atá ar cheann de na príomhghnéithe a bhaineann le caomhnú mac tíre agus le cómhaireachtáil le bearta caomhnaithe dúlra.’

RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

‘Mar gheall go bhfuil an mac tíre ar ais agus go bhfuil siad ag glacadh seilbh ar na gnáthóga ina mbíodh sé roimhe seo, tá méadú tagtha ar an gcoinbhleacht idir bainistiú féaraigh agus caomhnú speiceas. Tá dúshlán roimh an bhfeirmeoireacht caorach agus alpach go háirithe nach bhfacthas a leithéidí le breis agus 150 bliain.

Ní mór dianiarracht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin atá ag dul i méid agus chun iad a réiteach.

Chun cómhaireachtáil a áirithiú idir bainistiú an mhic tíre agus bainistiú féaraigh, ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais agus leasanna na n-úsáidí talún agus riachtanais agus leasanna an chaomhnaithe speiceas.

Leagann an Ghearmáin béim ar a thábhachtaí atá bearta coisctheacha chun creachadh beostoic a laghdú agus chun an chómhaireachtáil sin a éascú. Iarrann an Ghearmáin, dá bhrí sin, go mbeadh tacaíocht leanúnach agus mhéadaithe ann ón Aontas do bhainistiú féaraigh, go háirithe bainistiú féaraigh cladáin agus alpaigh.

Ní mór díriú ar an mac tíre chun bealach chun cinn a bhaint amach atá rathúil agus dírithe ar spriocanna. Dá bhrí sin, má áirítear athrú stádais don mhac tíre sa choigeartú ar Choinbhinsiún Bheirn, ní mór, dar linne, an cur chun feidhme i ndlí an Aontais a theorannú don mhac tíre amháin ionas nach mbeidh amhras ann faoi shláine bheartas an Aontais maidir le caomhnú na bithéagsúlachta. Dá bhrí sin, is cúis áthais don Ghearmáin gur fhorghuinness an Coimisiún é sin i ráiteas i scríbhinn an lae inniu le haghaidh na miontuairiscí.’

RÁITEAS ÓN nGRÉIG

‘I bhfianaise na sonraí dá dtagraítear le déanaí maidir le líon na mac tíre ar an Mór-Roinn Eorpach agus na dtásc go bhfuil treochtaí a ardú, agus an dochar don bheostoc i roinnt tíortha Eorpacha á gcur san áireamh, lena n-áirítear maidir le roinnt gníomhaíochtaí feirmeoireachta sléibhtiúla inár dtír féin, d’fhéadfadh an Ghréig, i bprionsabal, tacú leis an togra chun stádas cosanta an mhic tíre (*Canis Lupus*) a oiriúnú faoi Choinbhinsiún Bheirn de réir mar a chuirtear i láthair é sa Dréacht-Chinneadh ón gComhairle (13258/24) maidir le togra a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Foscríbhinní II agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú ag an 44ú cruinniú a bheidh ag a Bhuanchoiste.

Tugaimid dár n-aire freisin, ar an leibhéal náisiúnta, go mbeidh dóthain fianaise eolaíche ar fáil faoi dheireadh 2025 maidir le stádas iarbhir an mhic tíre chomh maith le stádas speiceas eile, trí bhithin measúnú a mbeidh tacaíocht airgeadais á fáil aige ón Aontas Eorpach.

Ina theannta sin, ba cheart an cur chuige agus na critéir a leanadh sa togra ón Aontas maidir le stádas an mhic tíre a leasú a leanúint i gcás speicis eile chomh maith chun comhsheasmhacht agus oibiachtúlacht a áirithiú, agus sonraí faireacháin leanúnacha agus fianaise eolaíoch á gcur san áireamh i gcónaí chun cosaint an chomhshaoil nádúrtha agus bhithéagsúlacht na Mór-roinne Eorpaí a áirithiú.’

RÁITEAS ÓN gCRÓIT

‘Tacaíonn Poblacht na Cróite, de mheon na dlúthpháirtíochta le Ballstáit eile de chuid an Aontais a bhfuil iarmhairtí an dochair thromchúisigh a dhéanann an mac tíre do bheostoc rompu, tacaíonn sé le glacadh an Chinnidh ón gComhairle maidir le tograí a thíolacadh chun leasú a dhéanamh ar Foscríbhinní II agus III den Choinbhinsiún maidir le Caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthoga nádúrtha na hEorpa, arb ionann é agus leibhéal cosanta an mhic tíre a íslíú.

Measann Poblacht na Cróite nach leor an leibhéal cosanta a íslíú agus an mac tíre a chur ar liosta na speiceas ó Foscríbhinn III den Choinbhinsiún ar féidir iad a fhiach, agus nach é sin an t-aon bhealach é chun fadhb an dochair do bheostoc a réiteach. Creideann Poblacht na Cróite gur féidir cómhaitheachtáil fhadtéarmach feoiliteoirí móra agus daoine a áirithiú trí sholúbthacht bainistithe a bheith sna pleananna bainistíochta agus tríd an mac tíre a choinneáil ar liosta na speiceas atá faoi dhianchosaint sa Treoir maidir le Gnáthoga nó sa reachtaíocht náisiúnta, mar aon le hiarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun beostoc a chosaint agus tacaíocht leordhóthanach airgeadais agus oideachais a chur ar fáil d’fheirmeoirí, creideann sí gur bealaí maithe iad sin chun an chómhaitheachtáil sin a áirithiú.’

RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL

‘Anois agus 20 bliain imithe ó rinneadh an chéad suirbhé náisiúnta ar líon na mac tíre 2002/2003, tá sonraí nua againn maidir leis na limistéir a bhfuil an speiceas seo ina chónaí iontu agus ar líon measta na gconairteacha, chomh maith le hanailís ar threocht na bparaiméadar sin.

Ceann de na príomhfhachtóirí a chuireann caomhnú an mhic tíre i mbaol sa Phortaingéil is ea daoine á marú, arb iad fós is cúis i go leor réimsí le díothú speiceas agus/nó conairteacha.

Tugann na torthaí a fuarthas sa suirbhé le fios go bhfuil meath tagtha le fiche bliain anuas ar na limistéir a bhfuil mic tíre ina gcónaí iontu sa Phortaingéil, nach bhfuil siad ach sa réigiún Trás-os-Montes agus sa réigiún ó dheas ón Douro, sa limistéar timpeall ar ghleann na habhann sin. Mar sin féin, níor tháinig ach laghdú beag ar líon na gconairteacha ar an leibhéal náisiúnta, agus feictear treochtaí an-difriúil sna ceithre áit ina bhfaightear iad go fóill.

Cuireadh i gcoinne an laghdaithe sin, nach mór in aon chor é, trí phróisis a bharrfheabhsú chun an choinbhleacht a bhaineann leis an gcreacha dhéanann mic tír ar bheostoic a laghdú, tríd an gcóras cúitimh i leith an dochair a chuirtear i leith na mac tíre a fheabhsú agus a chuíchóiriú agus trí chosaint beostoic níos fearr a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thacaíocht theicniúil agus airgeadais araon a chur ar fáil d'fheirmeoirí beostoic chun na bearta is iomchuí a chur chun feidhme i ngach comhthéacs.

Measann an Phortaingéil, maidir lena staid náisiúnta, go gcuirtear solúbthacht leordhóthanach ar fáil le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún Bheirn chun aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna a bhaineann le bainistiú líon na mac tíre san Ibéir. Níor ceanglaíodh riamh le samhail bhainistíochta na Portaingéile go gcuirfí Airteagal 9 de Choinbhinsiún Bheirn chun feidhme. De réir chonclúidí staidéar éagsúil dlíthiúil agus eolaíoch, ceadaíonn forálacha Airteagal 9 don Phortaingéil bearta bainistíochta a ghlacadh, lena n-áirítear gabháil, más gá aghaidh a thabhairt ar chásanna eisceachtúla.

Leagfaimis béim ar dhlúthpháirtíocht na Portaingéile i leith tíortha a bhfuil cásanna acu atá éagsúil ó chás na Portaingéile, maidir le stádas caomhantais na mac tíre, ar gá dóibh bheith in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an stádas sin i bhfianaise riachtanais shonracha na dtíortha sin.

Níl sé i gceist ag an bPortaingéil athrú a dhéanamh ar an mbeartas caomhantais don fhospeiceas den mhac tíre atá le fáil inár gcóras, an mac tíre Ibéarach, agus tá sé i gceist aici é a choinneáil ar bun, go háirithe maidir lena sásraí comhoiriúnachta agus cúitimh agus measann an Phortaingéil, fiú, gur chomhlíon na sásraí sin na cuspóirí caomhnaithe a bhfuil an Phortaingéil tiomanta dóibh i ndáil leis an speiceas sin. Measann an Phortaingéil fiú gur chomhlíon na sásraí sin na cuspóirí caomhnaithe a bhfuil an Phortaingéil tiomanta dóibh i ndáil leis an speiceas sin.'

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

'I gcás ina nglacfaí an t-athrú ar stádas cosanta an mhic tíre faoi Choinbhinsiún Bheirn, chun an t-athrú sin a chur chun feidhme go hinmheánach, modhnóidh an Coimisiún dá réir sin an córas maidir leis an mac tíre faoi Threoir an Aontais maidir le Gnáthóga. An togra ón gCoimisiún chun an méid sin a dhéanamh, bainfidh sé leis an mac tíre agus leis an mac tíre amháin, agus dá bhrí sin beidh sé teoranta do mhodhnú ar stádas cosanta an mhic tíre.'